

# Tacair agus oibríochtaí – Moltaí don timpeallacht foghlama

## SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Imir cluichí agus cas rainn/amhráin ina gcuirtear réada leo nó ina mbaintear réada astu m.sh. Amhrán - '10 green bottles.'
- Cuir coirnéal athchúrsála ar bun sa seomra ranga. Sórtálann na páistí an t-ábhar de réir cineáil agus cuireann siad sa bhosca bruscair ceart é m.sh. plaisteach, miotal, cairtchlár, gloine agus páipéar.
- Bunaigh siopa le rudaí beaga ar díol ann. Ba cheart go mbeadh go leor de gach rud beag ann ionas go n-oibreoidh sé seo mar ghníomhaíocht m.sh. carranna ar 5 cent an ceann. Beidh páiste amháin ina airgeadóir.
- Taispeáin samplaí de straitéisí meabhracha na bpáistí mórthimpeall an tseomra ranga.
- Bígí ag obair le chéile i ngrúpaí beaga chun póstaeir 'Teaghlaigh Fírice' a chruthú a léiríonn fíricí uimhreacha an iolraithe agus na roinnte.
- Tabhair Faoi Deara agus Bí ag Smaoineamh: Cuir an chaint agus an plé chun cinn ag baint úsáid as íomhánna agus spreag ceisteanna m.sh. Céard a thugann tú faoi deara, Céard a chuireann ag smaoineamh tú? Cén chaoi ar féidir linn líon iomlán na seacláidí sa bhosca a ríomh? Cén mhatamaitic a fheiceann tú anseo?



## SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA



Conair Dhúlra - oibríonn na paistí i ngrúpaí ag cuardach earraí i ngairdín na scoile m.sh. *craobhóga, duilleoga, cleití etc. Spreag na páistí chun a gcritéir shórtála féin a chruthú do na hearraí a bailíodh agus iad a ghrúpáil i dtacair.*


Iarr ar ionadaí ó thionscal áitiúil nó ar thuismitheoir cuairt a thabhairt ar an scoil agus labhairt faoin gcaoi go n-úsáideann siad oibríochtaí ina gcuid oibre laethúla.

Seilg ar mhion-ainmhithe mórthimpeall na scoile - comhair na cosa ar na feithidí a aimsítear. Déan na feithidí a shórtáil de réir líon na gcos atá acu agus cruthaigh abairt shuimithe/iolraithe a théann le gach grúpa feithidí m.sh. *3 dhamhán alla - 8+8+8 =24 nó 3 x 8 = 24*

Seilg ar rudaí atá leagtha amach ina sraitheanna mórthimpeall na scoile m.sh. *tíleanna ar an urlár, deasca sa seomra ranga, pánaí gloine sna fuinneoga. Scrúdaigh an chaoi ina bhfuil an t-earra leagtha amach – líon na rónna agus na gcolún atá ann. Déan comparáid agus codarsnacht idir na sraitheanna difriúla.*

Cruthaigh gairdín scoile. Bain úsáid as an iolrú agus an dealú chun an gairdín a bhunú m.sh. *Má tá 5 phlanda cúcamair uait agus caithfear 3 shíol a chur i ngach poll, cé mhéad síol atá ag teastáil ar an iomlán?*

Aimsigh earraí i siopaí atá leagtha amach ar na seilfeanna i sraitheanna m.sh. *torthaí agus glasraí*





Forbraíodh i gcomhar le **Mary Mc Mahon**